Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2023**
**(OR. en)**

**10272/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0152 (BUD)**

**FIN 606**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Meitheamh 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 320 final |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle: Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil do 2024 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 320 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 320 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.6.2023
COM(2023) 320 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil do 2024 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027**

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais ilbhliantúil do 2024 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027**

## 1. RÉAMHRÁ

Leis an teachtaireacht seo, soláthraítear toradh an choigeartaithe theicniúil don údarás buiséadach roimh an nós imeachta buiséadach don bhliain 2024 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027[1] ('Rialachán CAI'). Go háirithe, leis an gcoigeartú teicniúil, bunaítear na huasteorainneacha caiteachais ag praghsanna reatha bunaithe ar an díbhoilsceoir seasta 2 % dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) de Rialachán CAI.

Ar bhonn na réamhaisnéisí[2] eacnamaíocha is déanaí, soláthraítear sa teachtaireacht freisin ríomh an chorrlaigh faoi uasteorainn na nacmhainní dílse a shocraítear le cur i bhfeidhm an Chinnidh ón gComhairle maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh a bheidh i bhfeidhm tráth a ghlacfar an teachtaireacht seo.

Cuirtear i láthair sa teachtaireacht freisin na méideanna atá ar fáil faoin ionstraim Corrlaigh Aonair faoi Airteagal 11(1)(a) agus Airteagal 11(1)(c), coigeartú na huasteorann íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 11(1)(b) agus na coigeartuithe clárshonracha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán CAI.

Gach bliain, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán CAI, déanann an Coimisiún an coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais agus cuireann sé na torthaí in iúl don údarás buiséadach gach bliain roimh an nós imeachta buiséadach don bhliain n+1.

De réir Airteagal 4(4) de Rialachán CAI, agus gan dochar d'Airteagail 6 agus 7 den Rialachán sin, ní dhéantar aon choigeartuithe teicniúla eile i ndáil leis an mbliain lena mbaineann, le linn na bliana nó mar cheartúcháin *ex post* sna blianta ina dhiaidh sin.

## 2. TÉARMAÍ MAIDIR LE COIGEARTÚ THÁBLA AN CHREATA AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL (IARSCRÍBHINN - TÁBLAÍ 1-2)

I dTábla 1 san Iarscríbhinn, léirítear creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais i bpraghsanna 2018, mar a leagtar amach i Rialachán CAI, arna choigeartú i gcomhréir le hAirteagail 2(1), 5(2) agus 11 den Rialachán sin.

I dTábla 2 san Iarscríbhinn, léirítear creat airgeadais ilbhliantúil an Aontais arna choigeartú i bpraghsanna reatha.

1 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11

2 An Coimisiún Eorpach, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2023: Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa.Earrach 2023 (europa.eu); https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/european-economic-forecast-spring-2023_en )

Déantar an creat airgeadais arna shloinneadh i gcéatadán d'ollioncam náisiúnta (OIN) an Aontais a nuashonrú leis na réamhaisnéisí eacnamaíocha is déanaí. Ar an mbonn sin, EUR 17 697 051 milliún i bpraghsanna reatha is ea OIN an Aontais do 2024.

### 2.1. Na príomhthorthaí ón gcoigeartú teicniúil ar an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil do 2024

Is é EUR 185 963 milliún i bpraghsanna reatha uasteorainn foriomlán CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas do 2024, arb ionann í agus 1,05 % de OIN. Is é EUR 170 543 milliún i bpraghsanna reatha uasteorainn foriomlán CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arb ionann í agus 0,96 % de OIN.

An 1 Meitheamh 2021, tháinig Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir leis an gcóras acmhainní dílse ('CAD 2020')[3] i bhfeidhm. Tá feidhm chúlghabhálach aige ón 1 Eanáir 2021. Socraítear uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ag 2,00 % de shuim OIN na mBallstát uile. Méadú sealadach chun na dliteanais uile a eascraíonn ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a chumhdach, agus chun na críche sin amháin, is ea 0,60 pointe céatadáin den mhéid sin[4].

De thoradh air sin, is é EUR 183 398 mhilliún, nó 1,04 % de OIN, an corrlach don bhliain 2024 idir uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí[5].

Sa tábla thíos, tugtar faisnéis don tréimhse 2021-2027 faoin gcorrlach (i gcéatadán de OIN) idir uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

| **In % d'OIN an Aontais** | ***2021*** | ***2022*** | **2023[6]** | **2024** | **2025** | **2026** | **2027** | **2021-2027** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí | *1,18%* | 1,12%% | 1,03% | 0,96% | 0,94% | 0,92% | 0,91% | 1,01% |
| An corrlach faoi bhun uasteorainn acmhainní dílse 2,00 % OIN i gcur i bhfeidhm Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle | *0,02%* | 0,88% | 0,97% | 1,04% | 1,06% | 1,08% | 1,09% | 0,99%[7] |

3 IO L 424, 15.12.2020, lch. 1.

4 Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19, IO L 433I , 22.12.2020, lch. 23.

5 Beidh an corrlach sonrach faoin méadú sealadach ar uasteorainn na n-acmhainní dílse, ar 0,60 % de shuim OIN na mBallstát uile é, ag brath ar an gcaiteachas a údarófar do 2024 i ndáil le dliteanais faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus ar na hacmhainní dílse comhfhreagracha chun é a mhaoiniú.

6 I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán CAI, ní dhéantar uasteorainn CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus na corrlaigh do na blianta 2021, 2022 agus 2023 a choigeartú tuilleadh i ndiaidh an choigeartaithe theicniúil do 2021 (a cuireadh in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 18.12.2020 (COM(2020)848 final)) 2022 (arna chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 7.6.2021 (COM(2021)365 final) agus 2023 (arna chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle an 7.6.2021 (COM(2022)266 final).

7 Déantar an céatadán sin a ríomh trí bhíthin meán uasteorainneacha bliantúla CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí do gach bliain den tréimhse 2021-2027 (is é sin 1,01 % de shuim OIN na mBallstát uile) a dhealú ó uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, ar 2,00 % de shuim OIN na mBallstát uile é, is infheidhme le linn na tréimhse iomláine 2021-2027.

## 2.2. Coigeartú ar an bhfo-uasteorainn do Cheannteideal 3

De réir Airteagal 2(1) de Rialachán CAI, coigeartófar an fho-uasteorainn do Cheannteideal 3 le haghaidh 'caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha' (colún I den Chomhbheartas Talmhaíochta – CBT) don tréimhse 2021-2027 tar éis aistrithe idir an chéad cholún agus an dara colún de CBT i gcomhréir leis an ngníomh dlí lena mbunaítear na haistrithe sin. Ní athraítear méid iomlán na huasteorann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoi Cheannteideal 3.

Déantar fo-uasteorainn Cheannteideal 3 a choigeartú don ceathrú huair[8] i gcoigeartú teicniúil CAI do 2024.

I ndáil leis na Pleananna Straitéiseacha CBT a cuireadh isteach i gcomhréir le Teideal V de Rialachán (AE) 2021/2115[9], chinn na Ballstáit cistí a aistriú idir íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe. Leagadh amach an toradh sin i Rialachán Tarmligthe 2023/813 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023[10]. Leis na haistrithe sin, cumhdaítear laghdú ar íocaíochtaí díreacha i gcomhréir le hAirteagal 17(5), an dara fomhír, agus an tsolúbthacht idir colúin i gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/2115. Leis na leasuithe sin, déantar difear do chur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 do na blianta 2024 go 2027.

Déantar na hathruithe ar phraghsanna reatha i bhfo-uasteorainn Cheannteideal 3 a chomhshó go praghsanna 2018 chun coigeartú a dhéanamh ar thábla an chreata airgeadais ilbhliantúil, a shloinntear i bpraghsanna 2018. Chun na críche sin, déantar iarmhéid glan na n-aistrithe a chomhshó go praghsanna 2018 ar dtús trí úsáid a bhaint as an díbhoilsceoir bliantúil seasta 2 %. Déantar an toradh sin a shlánú suas ansin chun an fho-uasteorainn choigeartaithe a shloinneadh ina milliúin euro. Is gá an slánú suas chun a áirithiú go mbeidh fo-uasteorainn CAI i gcónaí níos airde ná an glan-iarmhéid atá ar fáil le haghaidh caiteachais sa bhuiséad bliantúil don Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). Ní corrlach atá ar fáil atá sa difríocht bheag a thagann as sin ach rud a eascraíonn as an oibríocht slánaithe, agus as sin amháin. Le haghaidh gach buiséid bhliantúil, úsáidfidh an Coimisiún na méideanna cruinne den iarmhéid glan atá ar fáil do chaiteachas CERT.

Léirítear sa tábla thíos toradh glan (i milliúin euro) na n-aistrithe idir an dá cholún de CBT agus a dtionchar ar fho-uasteorainn Cheannteideal 3.

**Fo-uasteorainn do CERT (caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha) tar éis aistrithe, i bpraghsanna reatha agus i bpraghsanna 2018 (EUR milliún)**

| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | - i bpraghsanna reatha - | | | | | | | |
| Fo-uasteorainn tosaigh H3 | 40 925,000 | 41 257,000 | 41 518,000 | 41 649,000 | 41 782,000 | 41 913,000 | 42 047,000 | 291 091,000 |
| Fo-uasteorainn H3 a socraíodh sa choigeartú teicniúil deireanach (2023) | 40 368,000 | 40 639,000 | 40 693,000 | 41 649,000 | 41 782,000 | 41 913,000 | 42 047,000 | 289 091,000 |
| Glanaistrithe go dtí seo | - 557,046 | - 618,811 | -825,789 | | | | | - 2 001,646 |

8 Tugadh tuairisc ar an gcéad choigeartú sa choigeartú teicniúil ar CAI do 2021 (COM/2020/848 final) an 18 Nollaig 2020. Tugadh tuairisc ar an gcoigeartú do 2022 in COM(2021)365 an 4 Meitheamh 2021. Tugadh tuairisc ar an dtríú coigeartú (do 2023) in COM(2022)266 an 7 Meitheamh 2022.

9 Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013.

10 Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/813 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le leithdháiltí na mBallstát le haghaidh íocaíochtaí díreacha agus an miondealú bliantúil de réir Ballstáit ar thacaíocht an Aontais d'fhorbairt tuaithe (IO L 102, 17.4.2023, lgh. 1-5).

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Glanaistriú sa choigeartú teicniúil reatha (2024) | | | | -1 046,922 | -1 117,072 | -1 222,773 | -1 396,205 | -4 782,972 |
| Glanaistrithe iomlána (Colún 1 go Colún 2) i gcomparáid leis an bhfo-uasteorainn tosaigh | - 557,046 | - 618,811 | -825,789 | -1 046,922 | -1 117,072 | -1 222,773 | -1 396,205 | -6 784,618 |
| Iarmhéid glan CERT tar éis gach aistrithe | 40 367,954 | 40 638,189 | 40 692,211 | 40 602,078 | 40 664,928 | 40 690,227 | 40 650,795 | 284 306,382 |
| **Fo-uasteorainn H3 tar éis aistrithe** | **40 368,000** | **40 639,000** | **40 693,000** | **40 603,000** | **40 665,000** | **40 691,000** | **40 651,000** | **284 310,000** |
| *Difríocht an tslánaithe* | *0,046* | *0,811* | *0,789* | *0,922* | *0,072* | *0,773* | *0,205* | *3,618* |
| ***Difríocht don fho-uasteorainn bhunaidh tar éis gach aistrithe*** | ***- 557,000*** | ***- 618,000*** | ***-825,000*** | ***-1 046,000*** | ***-1 117,000*** | ***-1 222,000*** | ***-1 396,000*** | ***-6 781,000*** |
| | **- i bpraghsanna 2018-** | | | | | | | |
| Fo-uasteorainn tosaigh H3 | 38 564,000 | 38 115,000 | 37 604,000 | 36 983,000 | 36 373,000 | 35 772,000 | 35 183,000 | 258 594,000 |
| Fo-uasteorainn H3 a socraíodh sa choigeartú teicniúil deireanach (2023) | 38 040,000 | 37 544,000 | 36 857,000 | 36 983,000 | 36 373,000 | 35 772,000 | 35 183,000 | 256 752,000 |
| Glanaistrithe go dtí seo | - 524,375 | - 571,595 | -747,811 | | | | | - 1 095,970 |
| Glanaistriú sa choigeartú teicniúil reatha (2024) | | | | -929,637 | -972,478 | -1 043,625 | -1 168,282 | -4 114,022 |
| Glanaistrithe iomlána (Colún 1 go Colún 2) i gcomparáid leis an bhfo-uasteorainn tosaigh | - 524,375 | - 571,595 | -747,811 | -929,637 | -972,478 | -1 043,625 | -1 168,282 | -5 957,803 |
| Iarmhéid glan CERT tar éis gach aistrithe | 38 039,625 | 37 543,405 | 36 856,189 | 36 053,363 | 35 400,522 | 34 728,375 | 34 014,718 | 252 636,197 |
| **Fo-uasteorainn H3 tar éis aistrithe** | **38 040,000** | **37 544,000** | **36 857,000** | **36 054,000** | **35 401,000** | **34 729,000** | **34 015,000** | **252 640,000** |
| *Difríocht an tslánaithe* | *0,375* | *0,595* | *0,811* | *0,637* | *0,478* | *0,625* | *0,282* | *3,803* |
| ***Difríocht don fho-uasteorainn bhunaidh tar éis gach aistrithe*** | ***- 524,000*** | ***- 571,000*** | ***-747,000*** | ***-929,000*** | ***-972,000*** | ***-1 043,000*** | ***-1 168,000*** | ***-5 954,000*** |

## 2.3. Coigeartuithe clárshonracha i gcomhréir le hAirteagal 5(2) de Rialachán CAI

I gcomhréir le hAirteagail 5(2) agus 4(1)(e) de Rialachán CAI, sa teachtaireacht seo áirítear ríomh, don bhliain 2024, na leithdháiltí breise le haghaidh cláir shonracha dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CAI agus na gcoigeartuithe suas ar na huasteorainneacha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bheidh mar thoradh orthu.

Don bhliain 2022, EUR 363 milliún[11] (EUR 322 milliún i bpraghsanna 2018) is ea an t-ioncam ó fhíneálacha (agus an t-ús gaolmhar) a forchuireadh faoi Rialacháin (CE) Uimh. 1/2003[12] agus (CE) Uimh. 139/2004[13] ón gComhairle agus a taifeadadh mar ioncam buiséadach go dtí deireadh na bliana sin. Tá an méid sin faoin íostairseach EUR 1 500 milliún i bpraghsanna 2018. Dá bhrí sin, leis an íostairseach soláthraítear méid iomlán an choigeartaithe do 2024 i bpraghsanna 2018.

EUR 1 690 milliún is ea an coigeartú i bpraghsanna reatha tar éis an díbhoilsceoir bliantúil 2 % a chur i bhfeidhm agus tar éis slánú suas a dhéanamh go dtí milliún euro i gcomhréir leis an gcaoi a shloinntear uasteorainneacha CAI. Comhfhreagraíonn an méid sin don choigeartú suas ar an uasteorainn fhoriomlán i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ar an uasteorainn i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain 2024.

Tá miondealú an choigeartaithe de réir cheannteideal agus chlár CAI bunaithe ar an gcolún 'Eochair leithdháilte' d'iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán CAI. Déantar

[11] Bunaithe ar chuntais bhliantúla shealadacha 2022 (Airteagail 420 agus 424) tar éis an tsuim a bailíodh don bhliain n-1 dá dtagraítear in Airteagal 141(1) den Chomhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach a bhaint.

[12] Rialachán (CE) Uimh. 1/2003 ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta a leagtar síos in Airteagail 81 agus 82 den Chonradh IO L 1, 4.1.2003, lch. 1.

[13] Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle an 20 Eanáir 2004 maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais (Rialachán um Chumaisc CE) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1.

coigeartuithe na n-uasteorainneacha aonair i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a shlánú suas go dtí an milliún euro is gaire[14].

| UASTEORAINN GHEALLTANAIS: | Praghsanna reatha | praghsanna 2018 |
|---|---|---|
| **1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus an Inneachar Digiteach** | **614 000 000** | **545 000 000** |
| Fís Eorpach | 460 500 000 | 408 750 000 |
| Ciste InvestEU | 153 500 000 | 136 250 000 |
| **2b. Athléimneacht agus Luachanna** | **922 000 000** | **819 000 000** |
| EU4Health | 445 703 758 | 395 912 558 |
| Erasmus+ | 261 303 758 | 232 112 557 |
| Eoraip na Cruthaitheachta | 92 115 490 | 81 824 931 |
| Cearta agus Luachanna | 122 876 994 | 109 149 954 |
| **4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **154 000 000** | **136 000 000** |
| An Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha | 154 000 000 | 136 000 000 |
| **Uasteorainn ghealltanais iomlán:** | **1 690 000 000** | **1 500 000 000** |
| **UASTEORAINN ÍOCAÍOCHTA:** | **1 690 000 000** | **1 500 000 000** |

## 2.4. Coigeartú na huasteorann íocaíochta i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(d) agus Airteagal 11(1)(b) – an ionstraim corrlaigh aonair.

I gcomhréir le hAirteagal 4(1)(d) de Rialachán CAI, sa choigeartú teicniúil áireofar méid choigeartú na huasteorann le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(1).

Ba é EUR 170 558 milliún an uasteorainn íocaíochta do 2022 i bpraghsanna reatha. EUR 168 642 milliún na híocaíochtaí a rinneadh in 2022. Ní mór an tabhairt anonn ó 2022 go 2023 (EUR 1 109 mhilliún) a chur leis an tsuim sin, toisc go meastar í a bheith curtha i gcrích.

Eisiatar na híocaíochtaí agus an tabhairt anonn a bhaineann leis na hionstraimí speisialta (EUR 3 087 mhilliún) ón bhforghníomhú toisc go láimhseáiltear iad amhail is go bhfuil siad os cionn uasteorainneacha CAI, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) de Rialachán CAI. Dá bhrí sin, is é EUR 166 664 mhilliún an forghníomhú a chuirfear san áireamh agus an ionstraim corrlaigh aonair á ríomh.

Is é EUR 4 024 mhilliún, i bpraghsanna reatha, an corrlach atá fágtha faoin uasteorainn íocaíochta do 2022.

Léirítear sa tábla thíos na sonraí faoi ríomh chuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair.

| **Ionstraim Corrlaigh Aonair, cuid 11(1)(b) (íocaíochtaí)** | | |
|---|---|---|
| *EUR milliúin* | | **2022** |
| (1) | Uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (praghsanna 2018) roimh ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(b) | 157 568,0 |
| (2) | Uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí (praghsanna reatha) roimh ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(b) | 170 558,0 |
| (3) | **Slógadh ionstraim corrlaigh aonair Airteagal 11(1)(c) in íocaíochtaí (+/-)** | **0,0** |

[14] Chun neamhréireachtaí slánaithe a sheachaint, is é méid an cheannteidil ag a bhfuil an sciar is airde an difríocht idir an coigeartú iomlán agus suim na méideanna do na ceannteidil eile go léir.

| | | |
|---|---|---|
| **(4) = (2) + (3)** | **UASTEORAINN IOMLÁN LE CUR I gCOMPARÁID LE CUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID A VÓTÁLADH** | **170 558,0** |
| **(5)** | **Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh** | **168 642,1** |
| *(6)* | *Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh do CED* | *22,3* |
| *(7)* | *Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála - CDAE* | *18,1* |
| *(8)* | *Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála - cúlchiste um chabhair éigeandála* | *580,4* |
| *(9)* | *Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don Chúlchiste Coigeartaithe Brexit* | *1 253,2* |
| *(10)* | *Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh don ionstraim sholúbthachta* | *467,2* |
| ***(11) = (6) + (7) + (8) + + (9) + (10)*** | ***Íocaíochtaí a forghníomhaíodh ar an mbuiséad a vótáladh d'ionstraimí speisialta*** | ***2 341,3*** |
| **(12)** | **Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+1** | **1 109,2** |
| *(13)* | *Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+1 do CED* | *0,1* |
| *(14)* | *Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+ 1 don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála* | *700,3* |
| *(15)* | *Tabhairt anonn ó bhliain n go bliain n+ 1 don Chúlchiste Coigeartaithe Brexit* | *45,7* |
| ***(16) = (13) + (14) + (15)*** | ***Tabhairt anonn ionstraimí speisialta*** | ***746,2*** |
| **(17)** | **Tabhairt anonn atá dulta in éag ó bhliain n-1 go bliain n** | **130,2** |
| *(18)* | *Tabhairt anonn atá dulta in éag ó bhliain n-1 go bliain n do CED* | *0,0* |
| *(19)* | *Tabhairt anonn atá dulta in éag ó bhliain n-1 go bliain n don chúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála* | *0,0* |
| *(20)* | *Tabhairt anonn atá i dulta in éag ó bhliain n-1 go bliain n don Chúlchiste Coigeartaithe Brexit* | *0,0* |
| ***(21) = (18) + (19) + (20)*** | ***Tabhairt anonn atá dulta in éag d'ionstraimí speisialta*** | ***0,0*** |
| **(22) = (5) + (12) - (17)** | **IOMLÁN NA nÍOCAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMITHE n + TABHAIRT ANONN n GO n+1 - TABHAIRT ANONN ATÁ DULTA IN ÉAG n-1** | **169 621,0** |
| ***(23) = (11) + (16) - (21)*** | ***Ionstraimí speisialta: forghníomhú iomlán + tabhairt anonn – tabhairt anonn atá dulta in éag*** | ***3 087,5*** |
| (24) = (4) - (22) + (23) | **An corrlach atá fágtha** | **4 024,4** |
| (25) = (24) slánaithe go milliúin | **Ionstraim Corrlaigh Aonair, cuid 11(1)(b)** **(praghsanna reatha)** | **4 024,0** |
| (26) = (25) coigeartaithe go praghsanna 2018 ag baint úsáide as díbhoilsceoir 2 % agus slánaithe go milliúin | **Ionstraim Corrlaigh Aonair, cuid 11(1)(b)** **(praghsanna 2018)** | **3 718,0** |

Is é EUR 3 718 mhilliún méid chuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair i bpraghsanna 2018. Agus forálacha Airteagal 11(3) á gcur san áireamh, laghdófar an uasteorainn íocaíochta in 2022 leis an méid sin. Aistrítear méid chuid 11(1)(b) SMI i dtrí chuid chomhionanna (EUR 1 239, 3 mhilliún) chuig uasteorainneacha íocaíochta na mblianta 2025, 2026 agus 2027. Mar thoradh air sin, níl aon athrú ar an uasteorainn íocaíochta fhoriomlán don tréimhse 2021-2027 i bpraghsanna 2018.

De réir Airteagal 4(2) de Rialachán CAI, úsáidfear an díbhoilsceoir 2 % chun cuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair agus an coigeartú comhfhreagrach ar an uasteorainn íocaíochta a ríomh. Dá bhrí sin déantar laghdú EUR 4 024 mhilliún i bpraghsanna reatha ar uasteorainn 2022 agus déantar méadú EUR 1 424 mhilliún do 2025, EUR 1 452 mhilliún do 2026 agus EUR 1 481 mhilliún do 2027 ar an uasteorainn i bpraghsanna reatha. Mar thoradh ar chur i bhfeidhm Airteagal 11(1)(b), is é EUR 1 198 906 mhilliún an uasteorainn íocaíochta fhoriomlán i bpraghsanna reatha don tréimhse 2021-2027.

Léirítear sa tábla thíos mionsonraí maidir le coigeartú na huasteorann íocaíochta de thoradh chur chun feidhme fhorálacha Airteagal 11(1)(b).

| Coigeartú na n-uasteorainneacha a bhaineann le cuid 11(1)(b) den ionstraim corrlaigh aonair *(EUR milliún)* | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Uasteorainn íocaíochta tosaigh (Iarscríbhinn I Rialachán 2020/2093) | | | | | | | | |
| praghsanna 2018 | **156 557** | **154 822** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **1 061 058** |
| praghsanna reatha | **166 140** | **167 585** | **165 542** | **168 853** | **172 230** | **175 674** | **179 187** | **1 195 211** |
| Uasteorainn íocaíochta mar a coigeartaíodh go deireanach é (Coigeartú Airteagal 7 COM(2022)80 an 28 Eanáir 2022), | | | | | | | | |
| praghsanna 2018 | **156 557** | **156 322** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **1 062 558** |
| praghsanna reatha | **166 140** | **169 209** | **165 542** | **168 853** | **172 230** | **175 674** | **179 187** | **1 196 835** |
| *Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid (1)(b) ó 2021* | | | | | | | | |
| *coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna 2018)* | *-2 492* | *1 246* | *1 246* | | | | | *0* |
| *coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna reatha)* | *-2 644* | *1 349* | *1 376* | | | | | *81* |
| Uasteorainn íocaíochta choigeartaithe de réir Airteagal 11(1)(b) (Coigeartú teicniúil do 2023) | | | | | | | | |
| praghsanna 2018 | **154 067** | **157 568** | **151 182** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **1 062 558** |
| praghsanna reatha | **163 496** | **170 558** | **166 918** | **168 853** | **172 230** | **175 674** | **179 187** | **1 196 916** |
| Uasteorainn íocaíochta mar a coigeartaíodh go deireanach é (Coigeartú teicniúil do 2023 COM(2022)266 an 7 Meitheamh 2022), | | | | | | | | |
| praghsanna 2018 | **154 067** | **157 568** | **152 682** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **149 936** | **1 064 058** |
| praghsanna reatha | **163 496** | **170 558** | **168 575** | **168 853** | **172 230** | **175 674** | **179 187** | **1 198 573** |
| *Ionstraim Corrlaigh Aonair, Cuid (1)(b) ó 2022* | | | | | | | | |
| *coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna 2018)* | | *-3 718* | | | *1 239,3* | *1 239,3* | *1 239,3* | *0,0* |
| *coigeartú na huasteorann íocaíochta (praghsanna reatha)* | | *-4 024* | | | *1 424,0* | *1 452,0* | *1 481,0* | *333,0* |
| Uasteorainn íocaíochta choigeartaithe de réir Airteagal 11(1)(b) (Coigeartú teicniúil do 2024) | | | | | | | | |
| praghsanna 2018 | **154 067** | **153 850** | **152 682** | **149 936** | **151 175** | **151 175** | **151 175** | **1 064 058** |
| praghsanna reatha | **163 496** | **166 534** | **168 575** | **168 853** | **173 654** | **177 126** | **180 668** | **1 198 906** |

Léirítear sa tábla thíos mionsonraí chur i bhfeidhm na n-uasmhéideanna le haghaidh an choigeartaithe bhliantúil in 2025-2027 i gcomhréir le hAirteagal 11(3). Na haistrithe a rinneadh go 2025, 2026 agus 2027, tá siad i gcomhréir leis na huasmhéideanna a leagtar síos san Airteagal sin.

| **Caidhp choigeartaithe (Airteagal 11(3))** *(EUR milliún)* | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ionstraim Corrlaigh aAonair, Cuid (1)(b) - Caidhp choigeartaithe (praghsanna 2018) | | | | | 8 000 | 13 000 | 15 000 |
| Coigeartuithe ar an uasteorainn íocaíochta 11(1)(b) go dtí seo (praghsanna 2018) | | | | | 1 239 | 1 239 | 1 239 |
| Méid atá fágtha faoin gcaidhp (praghsanna 2018) | | | | | 6 761 | 11 761 | 13 761 |
| Méid atá fágtha faoin gcaidhp (praghsanna reatha) | | | | | 7 766 | 13 779 | 16 445 |

## 3. IONSTRAIMÍ SPEISIALTA

Tá ionstraimí speisialta ar fáil lasmuigh d'uasteorainneacha caiteachais chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027. Is é is aidhm do na hionstraimí sin mearfhreagairt a áirithiú ar imeachtaí eisceachtúla nó gan choinne agus solúbthacht a sholáthar thar na huasteorainneacha caiteachais a comhaontaíodh laistigh de theorainneacha áirithe a leagtar síos sa Rialachán CAI.

## 3.1. Ionstraimí Speisialta Téamacha

### 3.1.1. An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú

De réir Airteagal 8 de Rialachán CAI, is féidir an Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED)[15] a shlógadh suas le huasmhéid EUR 186 mhilliún in aghaidh na bliana i bpraghsanna 2018, nó EUR 209,5 milliún i bpraghsanna reatha do 2024[16]. Ní féidir méideanna na bliana roimhe sin nár úsáideadh a thabhairt anonn.

Léirítear sa tábla thíos mionsonraí maidir le hinfhaighteacht bhliantúil CED agus, mar eolas, an slógadh an 31 Nollaig 2022.

| An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) - gealltanais | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | *EUR milliúin* |
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **Iomlán** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna 2018 | 186,0 | 186,0 | 186,0 | 186,0 | 186,0 | 186,0 | 186,0 | **1 302,0** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna reatha | 197,4 | 201,3 | 205,4 | 209,5 | 213,7 | 217,9 | 222,3 | **1 467,4** |
| Slógadh bliantúil | 24,0 | 28,0 | | | | | | **52,1** |
| *Dulta in éag* | *173,4* | *173,3* | | | | | | ***346,6*** |

### 3.1.2. Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála

De réir Airteagal 9 de Rialachán CAI, is féidir an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála a shlógadh suas le huasmhéid EUR 1 200 milliún in aghaidh na bliana i bpraghsanna 2018, nó EUR 1 351,4 milliún i bpraghsanna reatha do 2024. Is féidir aon chuid de mhéid na bliana roimhe sin nár úsáideadh a thabhairt anonn go dtí an bhliain dár gcionn. Tarraingeofar ar an gcuid den mhéid bliantúil a eascróidh as an mbliain roimhe sin ar dtús. Rachaidh aon chuid den mhéid bliantúil ó bhliain n nach mbainfear úsáid as i mbliain n+1 in éag.

Léirítear sa tábla thíos mionsonraí maidir le hinfhaighteacht bhliantúil SEAR agus, ar mhaithe le faisnéis, an slógadh an 31 Nollaig 2022.

| An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála - gealltanais | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | *EUR milliúin* |
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **Iomlán** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna 2018 | 1 200,0 | 1 200,0 | 1 200,0 | 1 200,0 | 1 200,0 | 1 200,0 | 1 200,0 | **8 400,0** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna reatha | 1 273,5 | 1 298,9 | 1 324,9 | 1 351,4 | 1 378,4 | 1 406,0 | 1 434,1 | **9 467,2** |
| Tugtha anonn ón mbliain roimhe sin | 48,0 | 40,8 | - | | | | | |
| Tús-ualaithe ón mbliain dár gcionn (CDAE) | - | - | - | | | | | |
| Slógadh bliantúil | 1 280,7 | 1 339,7 | | | | | | **2 620,4** |
| Tugtha anonn go dtí an bhliain dár gcionn | 40,8 | - | | | | | | |
| *Dulta in éag* | - | - | | | | | | |

[15] Rialachán (AE) 2021/691 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 maidir leis an gCiste Eorpach um Choigeartú don Domhandú d'Oibrithe Iomarcacha (CED) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1309/2013, IO L 153, 3.5.2021, lch. 48.

[16] I gcomhréir le Rialachán CAI, tá an comhshó bunaithe ar an díbhoilsceoir bliantúil seasta 2 %. An toradh i bpraghsanna reatha, sloinntear é ina mhilliúin agus slánaítear é go trí ionad dheachúla. Is cur chuige cothrománach é sin is infheidhme maidir le gach ionstraim speisialta.

### 3.1.3. Cúlchiste Coigeartaithe Brexit

I gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán CAI, is féidir Cúlchiste Coigeartaithe Brexit a shlógadh faoi réir agus i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san ionstraim ábhartha le haghaidh uasmhéid iomlán EUR 5 000 milliún i bpraghsanna 2018 nó EUR 5 470,4 milliún i bpraghsanna reatha sa tréimhse 2021-2025.

Tá an phróifíl le haghaidh na suimeanna bliantúla do Chúlchiste Coigeartaithe Brexit leagtha amach sa bhunghníomh ábhartha[17]. Léirítear sa tábla thíos sonraí phróifíl leithdháilte bhliantúil an mhéid fhoriomláin maidir le leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus, ar mhaithe le faisnéis, an slógadh an 31 Nollaig 2022[18].

| Cúlchiste Coigeartaithe Brexit - gealltanais | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | *EUR milliúin* |
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **Iomlán** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna 2018 | 1 600,0 | 1 200,0 | 1 200,0 | | 1 000,0 | | | **5 000,0** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna reatha | 1 697,9 | 1 298,9 | 1 324,9 | | 1 148,7 | | | **5 470,4** |
| Slógadh bliantúil | 1 697,9 | 1 298,9 | | | | | | **2 996,9** |

## 3.2. Ionstraimí Speisialta Neamhthéamacha

### 3.2.1. Ionstraim Corrlaigh Aonair

*3.2.1.1. Méid na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá ar fáil faoi chuid 11(1)(a) den ionstraim corrlaigh aonair*

I gcomhréir le hAirteagal 4(1)(c) de Rialachán CAI, ríomhfaidh an Coimisiún agus cuirfidh sé sin in iúl, mar chuid den choigeartú teicniúil bliantúil ar CAI, an méid atá ar fáil i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(1). Déantar an méid sin a ríomh den chéad uair sa teachtaireacht seo.

Le hAirteagal 11(1)(a) de Rialachán CAI, foráiltear go gcuirfear corrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas na bliana n-1 ar fáil de bhreis ar uasteorainneacha CAI le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas do na blianta 2022 go 2027.

I mbuiséad bliantúil críochnaitheach an Aontais do 2022, is é EUR 705,4 milliún i bpraghsanna reatha an corrlach atá fós ar fáil faoin uasteorainn ghealltanais. Ní chuirtear san áireamh na gealltanais maidir le hIonstraimí Speisialta (lena n-áirítear slógadh chodanna 11(1)(a) agus 11(1)(c) den ionstraim corrlaigh aonair) toisc go gcuirtear iad isteach sa bhuiséad de bhreis ar uasteorainneacha CAI, i gcomhréir le hAirteagal 2(2) de Rialachán CAI.

[17] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit IO L 357, 8.10.2021, lch. 1.

[18] Tar éis Rialachán (AE) 2023/435 a ghlacadh lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1), ceadaíodh do na Ballstáit a leithdháileadh sealadach iomlán nó cuid de a aistriú go deonach ó acmhainní Chúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Bunaithe ar na hiarrataí a chuir na Ballstáit isteach, is é EUR 2,1 billiún an méid iomlán atá le haistriú ón gCúlchiste Coigeartaithe Brexit chuig an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

De réir Airteagal 4(2) de Rialachán CAI, úsáidfear an díbhoilsceoir bliantúil seasta 2 % chun an coigeartú teicniúil a ríomh. Is é méid an chorrlaigh atá fágtha ó 2022 agus a chuirfear ar fáil do 2023 ná EUR 705,4 milliún i bpraghsanna reatha in 2022 nó EUR 719,5 milliún i bpraghsanna reatha in 2023. I gcás nach n-úsáidfear é in 2023, is é EUR 733,9 milliún (i bpraghsanna reatha in 2024) an ionstraim corrlaigh aonair a bheidh ar fáil in 2024.

Léirítear sa tábla thíos na sonraí faoi ríomh na hionstraime corrlaigh aonair de thionscnamh 2022.

| | **Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a) – de thionscnamh 2022** | |
|---|---|---|
| | | *EUR milliún, praghsanna reatha* |
| (1) | Uasteorainn le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2022 (an 31/12/2022) | 179 765,000 |
| (2) | Iomlán na leithreasuithe údaraithe faoi bhuiséad 2022 | 182 227,188 |
| (3)= (4)+(5)+(6)+ +(7)+(8)+(9) | *lena n-áirítear ionstraimí speisialta:* | *3 167,613* |
| (4) | *Cúlchiste um dhlúthpháirtíocht agus cabhair éigeandála (Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh + an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála)* | 1 298,919 |
| (5) | *An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú* | 201,332 |
| (6) | *Cúlchiste Coigeartaithe Brexit* | 1 298,919 |
| (7) | *An ionstraim sholúbthachta* | 368,443 |
| (8) | *Ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(c) arna slógadh in 2022 (glan ar an bhfritháireamh a rinneadh in 2022)* | - |
| (9) | *Ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(a) a slógadh in 2022* | - |
| **(10)= (1)-(2)+(3)** | **Ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(a) 2022 (praghsanna reatha)** | ***705,426*** |
| *(11)* | *Ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(a) (praghsanna 2018)* | *664,738* |
| **(12) = (10)*1,02** | **Ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(a) ar fáil in 2023 (praghsanna reatha)** | **719,534** |
| **(13)= (12)*1,02** | **Ionstraim corrlaigh aonair 11(1)(a) ar fáil in 2024 (praghsanna reatha)** | **733,925** |

Léirítear sa tábla thíos na sonraí maidir le hinfhaighteachtaí agus úsáid na hionstraime corrlaigh aonair ó 2021:

| *EUR milliúin* | **2021** | **2022** | **2023** |
|---|---|---|---|
| Corrlach gealltanais ar fáil ag deireadh na bliana (arna dhearbhú le coigeartú teicniúil bliantúil) | **628,966** | ***705,426*** | |
| **Ionstraim corrlaigh aonair bhliantúil, Airteagal 11(1)(a), ar fáil** | | **641,545** | **1 373,910** |
| *Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a) ó 2021 amach* | | ***641,545*** | *654,376* |
| *Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a) ó 2022 amach* | | | *719,534* |
| **Úsáid bhliantúil na hionstraime corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a)** | | **0,000** | **280,000** |
| *Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a) ó 2021 amach* | | *0,000* | *280,000* |
| *Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a) ó 2022 amach* | | | |
| **Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a), atá fágtha ag deireadh na bliana** | | **641,545** | **1 093,910** |
| *Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a) ó 2021 amach* | | *641,545* | *374,376* |
| *Ionstraim corrlaigh aonair, Airteagal 11(1)(a) ó 2022 amach* | | | *719,534* |

*3.2.1.2. Iomlán na n-uasmhéideanna i ngealltanais agus in íocaíochtaí is féidir a shlógadh faoi chodanna 11(1)(a) agus 11(1)(c) den ionstraim corrlaigh aonair.*

Is é 0,04 % de OIN an Aontais an t-uasmhéid iomlán dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(2), arb ionann é agus EUR 7 078,8 milliún in 2024.

Is é 0,03 % de OIN an Aontais an t-uasmhéid iomlán dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 11(2), arb ionann é agus EUR 5 309,1 milliún in 2024.

### 3.2.2. An Ionstraim Sholúbthachta

De réir Airteagal 12 de Rialachán CAI, is féidir an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh suas le huasmhéid EUR 915 mhilliún i bpraghsanna 2018, nó EUR 1 030,4 milliún i bpraghsanna reatha do 2024. Is féidir aon chuid de mhéideanna bliantúla an dá bhliain roimhe sin nár úsáideadh a thabhairt anonn.

Sonraítear sa tábla thíos infhaighteachtaí bliantúla na hIonstraime Solúbthachta agus, ar mhaithe le faisnéis, na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a slógadh suas go dtí buiséad 2023 mar a glacadh an 23 Samhain 2022[19].

| An Ionstraim Sholúbthachta | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | *EUR milliúin* |
| | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **Iomlán** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna 2018 | 915,0 | 915,0 | 915,0 | 915,0 | 915,0 | 915,0 | 915,0 | **6 405,0** |
| Méideanna bliantúla i bpraghsanna reatha | 971,0 | 990,4 | 1 010,2 | 1 030,4 | 1 051,0 | 1 072,1 | 1 093,5 | **7 218,7** |
| Tugtha anonn ón mbliain roimhe sin | - | 208,6 | 830,6 | | | | | |
| Slógadh bliantúil | 762,4 | 368,4 | 1 235,7 | | | | | **2 366,6** |
| Tugtha anonn go dtí an bhliain dár gcionn | 208,6 | 830,6 | | | | | | |
| *Dulta in éag* | - | - | | | | | | |

Déantar sceideal íocaíochta shlógadh na hIonstraime Solúbthachta suas go dtí glacadh bhuiséad na bliana 2023 chomh maith leis na méideanna gan íoc a eascraíonn as slógaí faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2014-2020 a mhionsonrú sa tábla seo a leanas.

| An Ionstraim Sholúbthachta – próifíl íocaíochta (praghsanna reatha) | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | *EUR milliúin* |
| *Tionscnamh slógaidh* | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | **Iomlán** |
| CAI 2014-2020 | 583,0 | 207,1 | 122,2 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | **912,3** |
| 2021 | 703,5 | 40,9 | 10,3 | 7,6 | 0,0 | 0,0 | 0,0 | **762,4** |
| 2022 | | 219,2 | 62,7 | 49,8 | 36,7 | | | **368,4** |
| **2023** | | | **752,9** | **279,0** | **120,6** | **83,2** | | **1 235,7** |
| **Iomlán** | **1 286,6** | **467,2** | **948,1** | **336,4** | **157,3** | **83,2** | | **3 278,9** |

## 4. TÁBLA ACHOIMRE AGUS CONCLÚIDÍ

Tugtar achoimre sna táblaí thíos ar na hathruithe ar na huasteorainneacha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí sa chreat airgeadais ilbhliantúil,

[19] IO L 52, 23.2.2023, lch. 1.

bunaithe ar Airteagail 2(1), 5 agus 11(1)(b) de Rialachán CAI i bpraghsanna reatha agus i bpraghsanna 2018 mar a áirítear iad sa Teachtaireacht seo:

| EUR milliún, praghsanna reatha | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus an Inneachar Digiteach** | | | | **614** | | | | **614** |
| **2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | | | | **922** | | | | **922** |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | | | | | | | | 0 |
| 2b. Athléimneacht agus Luachanna | | | | 922 | | | | 922 |
| **3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | | | | | | | | **0** |
| lena n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha | | | | -1 046 | -1 117 | -1 222 | -1 396 | -4 781 |
| **4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | | | | **154** | | | | **154** |
| **5. Slándáil agus Cosaint** | | | | | | | | **0** |
| **6. An Chomharsanacht agus an Domhan** | | | | | | | | **0** |
| **7. An Riarachán Poiblí Eorpach** | | | | | | | | **0** |
| lena n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí | | | | | | | | 0 |
| **An t-athrú iomlán ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas** | **0** | **0** | **0** | **1 690** | **0** | **0** | **0** | **1 690** |
| **An t-athrú iomlán ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí** | **0** | **-4 024** | **0** | **1 690** | **1 424** | **1 452** | **1 481** | **2 023** |

| EUR milliún, praghsanna 2018 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 | 2025 | 2026 | 2027 | 2021-2027 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1. An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus an Inneachar Digiteach** | | | | **545** | | | | **545** |
| **2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | | | | **819** | | | | **819** |
| 2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | | | | | | | | 0 |
| 2b. Athléimneacht agus Luachanna | | | | 819 | | | | 819 |
| **3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | | | | | | | | **0** |
| lena n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha | | | | -929 | -972 | -1 043 | -1 168 | -4 112 |
| **4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | | | | **136** | | | | **136** |
| **5. Slándáil agus Cosaint** | | | | | | | | **0** |
| **6. An Chomharsanacht agus an Domhan** | | | | | | | | **0** |
| **7. An Riarachán Poiblí Eorpach** | | | | | | | | **0** |
| lena n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí | | | | | | | | 0 |
| **An t-athrú iomlán ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas** | **0** | **0** | **0** | **1 500** | **0** | **0** | **0** | **1 500** |
| **An t-athrú iomlán ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí** | **0** | **-3 718** | **0** | **1 500** | **1 239** | **1 239** | **1 239** | **1 500** |